




AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY

# Ráiteas Straitéise

## 2016-18




Iúil 2016



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY

## Clár Ábhar

Brollach ón gCathaoirleach.....	i
Maidir leis an Údarás Póilíneachta.....	ii
Cad is an tÚdarás Póilíneachta ann?.....	ii
Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta?.....	iii
Réamhrá .....	1
Fís, Misean agus Luachanna .....	2
Torthaí, cuspóirí, gníomhartha agus táscairí feidhmíochta .....	5
Toradh Inmhianaithe 1 - Feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí a bheith á n-úsáid ag an nGarda Síochána ar bhealach éifeachtach éifeachtúil .....	5
Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna eiticiúla láidre a bheith ann ar fud an Gharda Síochána .....	7
Toradh Inmhianaithe 3 - Feasacht agus rannpháirtíocht láidir a bheith ann i measc an phobail maidir le hábhair phóilíneachta.....	8
Toradh Inmhianaithe 4 - An tÚdarás a bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta atá nuálach agus freagrúil, a bhfuil meas uirthi agus atá dírithe ar an bhfís agus ar an misean atá aige.....	10



## Brollach ón gCathaoirleach

Cuid dhílis de dhaonlathas is ea póilíneacht éifeachtach a bhfuil muinín ag an bpobal aisti. Tá sí ríthábhachtach maidir le leas na sochaí agus le slándáil an Stáit. Léirítear sa taithí idirnáisiúnta gur féidir muinín an phobail as an bpóilíneacht a mhéadú le maoirseacht sibhialtach, le rannpháirtíocht sa phobal, le tuilleadh trédhearcachta ar an dóigh a ndéanann na póilíní a gcuid oibre agus leis an rannpháirtíocht pholaitiúil is ísle is féidir i reáchtáil laethúil na seirbhísí póilíneachta.

Is iomaí uair a rinneadh tograí chun comhlacht a bhunú a dhéanfadh maoirseacht ar fheidhmíocht an Gharda Síochána.


Tá polaiteoirí, daoine léinn, grúpaí sochaí sibhialta agus cumainn de chuid an Gharda Síochána i measc na bpáirtithe a rinne na tograí sin. Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 i gcomhthéacs an dochair a rinneadh le déanaí do mhúinín an phobail as an nGarda Síochána. Luaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais go raibh sé “ar an athchóiriú ab fhairsinge ar an nGarda Síochána ó bhunú an Stáit i leith” agus léiríonn sé dípholaitiú suntasach na póilíneachta in Éirinn.

Tá tuairimí láidre ag baill den phobal agus ag polaiteoirí faoin gcoireacht agus faoin bpóilíneacht agus an ceart ar fad acu. Tugtar cumhachtaí móra do sheirbhísí póilíneachta ar fud an domhain. Toilíonn an tsochaí le húsáid na gcumhachtaí sin agus tá muinín aici go n-úsáidfear iad le leas an phobail. Dá bharr sin, iarrtar go leor ó sheirbhísí póilíneachta; iarraimidne in Éirinn go leor ón nGarda Síochána. Iarraimid ar ghardaí sinne, ár dteaghlach agus ár bpobal a choinneáil sábháilte – bíodh sé sa bhaile, ar an mbóthar nó in áiteanna poiblí. Iarraimid orthu ár dtír a choinneáil sábháilte agus oibriú le pobail chun freastal ar riachtanais éagsúla agus ar ionchais éagsúla. Bímid ag súil leis go bhfreagróidh siad i gcásanna inar íospartaigh na coireachta sinn. Bímid ag súil leis go mbeidh siad ar an gcúlstop le haghaidh raon leathan d’fhadhbanna na sochaí. Le linn dóibh a gcuid oibre a dhéanamh, iarraimid ar ghardaí úsáid a bhaint as na cumhachtaí a thugtar dóibh sa dlí chun sinn a chosaint. Bímid ag súil leis freisin, áfach, go mbainfidh siad úsáid as na cumhachtaí sin go cuí agus i gceart. Déanann siad amhlaidh ar fud na tíre gach lá agus is go toilteanach a thógann siad seasanna thar ár gceann. Ba mhaith liom aitheantas buíoch a thabhairt don tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Mar sin féin, gabhann cuntasacht le cumhacht mhór. Maidir le bunú an Údaráis Phóilíneachta, comhlacht a bhfuil sainchúram sonrach air maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht mar chuid de phróiseas casta um chuntasacht an Gharda Síochána, is éard atá ann ná céim chríochnúil ar aghaidh i dtreo maoirseacht sibhialtach ar an nGarda Síochána a sholáthar. Tá tús curtha lenár gcuid oibre againn, agus muid spreagtha ag fíis arb é atá i gceist léi sochaí a bhaint amach ar a bhfreastalaíonn eagraíocht póilíneachta atá gairmiúil agus neamhchlaon, a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

Gabhtar ár gcuspóir uileghabhálach leis an misean atá againn obair shármhaith póilíneachta a bhrú chun cinn trí mhaoirseacht agus trí rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu. Chun é sin a chomhlíonadh, beidh am agus rannpháirtíocht chuiditheach ina riachtanas agus beidh sé riachtanach feidhmíocht, éifeachtúlacht agus rialachas an Gharda Síochána a cheistiú go pointe éigin. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil freisin chun an tsárobair atá déanta ag Gardaí agus ag baill foirne den Gharda Síochána a thaispeáint.

Is mór an onóir dom an chéad Ráiteas Straitéise seo de chuid an Údaráis Phóilíneachta a chur i láthair le mo chomhghleacaithe. Is ráiteas é ina dtugtar breac-chuntas ar ár n-uaimhianta, ár dtosaíochtaí agus na torthaí ba mhaith linn a bhaint amach sa tréimhse le teacht.



**Josephine Feehily**

## Maidir leis an Údarás Póilíneachta

### Cad is an tÚdarás Póilíneachta ann?

Comhlacht neamhspleách reachtúil is ea an tÚdarás Póilíneachta agus bunaíodh é an 1 Eanáir 2016. Is é ár sainchúram maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána i dtaca le seirbhísí póilíneachta, feasacht an phobail ar ábhair phóilíneachta a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na feabhsuithe leanúnacha ar an bpóilíneacht in Éirinn agus iad a chur chun cinn. Bunaíodh an tÚdarás le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015.

Ba é an Rialtas a roghnaigh an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis lena gceapadh tar éis próisis roghnúcháin ar reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad.

Ceaptar comhaltaí an Údaráis le haghaidh téarma 3 bliana nó 4 bliana ach féadfar iad a athcheapadh le haghaidh téarma breise faoi réir uastréimhse 8 mbliana a bheith sa dá théarma le chéile. Níl Comhaltaí an Oireachtais ná Comhaltaí Údarás Áitiúil, baill ar seirbhís den Gharda Síochána, de GSOC ná de Chigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Is mar seo a leanas atá na comhaltaí reatha den Údarás Póilíneachta:

- Josephine Feehily (Cathaoirleach)
- Noel Brett
- Bob Collins
- An Dr Vicky Conway
- Pat Costello
- Judith Gillespie
- Valerie Judge
- Maureen Lynott
- An Dr Moling Ryan

Tacaíonn croífhóireann a bhfuil Helen Hall Uas., an Príomhfheidhmeannach, i gceannas uirthi leis an Údarás.

## Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta?

Is é ról uileghabhálach an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta. Áirítear na nithe seo le feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Údaráis mar atá leagtha amach san Acht:

- Tosaíochtaí agus leibhéil feidhmíochta a shocrú don Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta;
- An Ráiteas Straitéise agus an Plean Póilíneachta Bliantúil arna chur isteach ag Coimisinéir an Gharda Síochána a fhorpheas;
- Na nithe seo a choinneáil faoi athbhreithniú:
  - an dóigh a bhfuil an Garda Síochána ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus na socruithe agus na straitéisí atá i bhfeidhm chun comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a chur ar aghaidh agus a bhreisiú;
  - a leorga atá:
    - na socruithe agus struchtúir rialachais chorparáidigh laistigh den Gharda Síochána;
    - na socruithe le haghaidh na baill agus na baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt;
    - na meicníochtaí atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána le haghaidh feidhmíocht agus cuntasacht na mball agus na mball foirne a mheas; agus
    - na socruithe le haghaidh na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána a bhainistiú agus a úsáid ar mhaithe lena chinntiú go n-úsáidfear na hacmhainní sin ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla;
- Cruinnithe rialta a reáchtáil le Coimisinéir an Gharda Síochána, a ndéanfar 4 cinn díobh ar a laghad a chur ar siúl go poiblí gach bliain agus a bhféadfar na meáin iad a chraoladh;
- Freagracht as:
  - daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas chuig post Choimisinéir an Gharda Síochána agus chuig post Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, tar éis próiseas roghnúcháin arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus a gcur as oifig a mholadh i gcúinsí áirithe;
  - daoine a cheapadh chuig céim an Cheannfoirt, céim an Ard-Cheannfoirt agus céim an Choimisinéara Chúnata sa Gharda Síochána (agus iad a chur as oifig ar chúiseanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta);
  - na baill foirne is sibhialtaigh den Gharda Síochána a cheapadh chuig gráid atá coibhéiseach le grád an Ard-Cheannfoirt nó os a chionn.

- Cód Eitice de chuid an Gharda Síochána a bhunú laistigh de 12 mhí tar éis bhunú an Údaráis;
- Treoirlínte a eisiúint chuig Údaráis Áitiúla agus chuig Coimisinéir an Gharda Síochána maidir le bunú agus cothabháil na gComhchoistí Póilíneachta (JPCanna) agus cruinnithe le cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta a ghairm chun críche comhlíonadh a gcuid feidhmeanna a chomhordú nó a éascú;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar na prionsabail phóilíneachta agus ar fheasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát a chur ar aghaidh;
- Cabhrú le tionscadail taighde nó iad a dhéanamh nó a choimisiúnú i dtaca le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a d'fhéadfadh na nithe seo a dhéanamh, i dtuairim an Údaráis:
  - feabhas ar chaighdeán do na hábhair sin agus feasacht an phobail orthu a chur chun cinn; nó
  - cur le laghdú ar an líon gearán a bhítear ag déanamh in aghaidh ball den Gharda Síochána i dtaca leis na hábhair sin.
- É féin a choinneáil ar an eolas go ginearálta faoi na nithe seo:
  - gearáin a dhéantar in aghaidh ball den Gharda Síochána agus cur i bhfeidhm na Rialachán Araíonachta; agus
  - treochtaí agus patrúin sna coireanna a dhéantar;
- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta a dhéanann an Garda Síochána i dtaca le moltaí a dhéantar i dtuarascáil ó Chigireacht an Gharda Síochána agus tuairisc a thabhairt don Aire ar na bearta sin; agus
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Aire maidir le raon saincheistean, lena n-áirítear:
  - Na hacmhainní ar dóigh dóibh a bheith ag teastáil ón nGarda Síochána le go mbeidh sé in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i ngach bliain airgeadais le teacht;
  - forbairtí i dtaca le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas ina leith a chomhordú agus a fhorbairt; agus
  - an dea-chleachtas póilíneachta.

## Réamhrá

Is é cuspóir an Ráitis Straitéise seo ná breac-chuntas a thabhairt ar na torthaí ionchais ar an obair a dhéanfaidh an tÚdarás Póilíneachta sa tréimhse ón 1 Iúil 2016 go dtí an 31 Nollaig 2018 agus ar na príomhbhearta a bhfuil sé ar intinn ag an Údarás iad a dhéanamh chun tacú le baint amach na dtorthaí sin. Is é Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, a fhothaca reachtúil agus ullmhaíodh é tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí inar tugadh deis do bhaill den phobal agus do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí faoina bhfuil ann a chur isteach.

Ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt, is é an 31 Nollaig 2018 an spriocdháta do na táscairí feidhmíochta a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo. Gheobhaidh an Ráiteas seo tacaíocht ó phleananna bliantúla ina bhfuil tomhais feidhmíochta shonracha agus mhionsonraithe. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú tréimhsiúil ar an Ráiteas Straitéise chun maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht. Déanfar amhlaidh a mhinice is gá, ach ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Ar leithligh ón doiciméad seo, déanann Coimisinéir an Gharda Síochána Ráiteas Straitéise don Gharda Síochána agus Plean Póilíneachta Bliantúil a ullmhú agus a chur chun feidhme. Cuirtear an dá dhoiciméad faoi bhráid an Údaráis lena fhorghéas sula gcuirtear iad chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena thoilíú.




## An Fhís atá againn

Is é **an Fhís atá againn** sochaí a bhaint amach ar a bhfreastalaíonn eagraíocht póilíneachta atá gairmiúil agus neamhchlaon, a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

Is é **an Misean atá againn** obair shármhaith póilíneachta a bhrú chun cinn trí mhaoirseacht agus trí rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu

An Misean atá againn

**Tá na luachanna atá againn  
tábhachtach dúinn.  
*Léirítear iontu ár bpríomhchultúr  
agus ár bpríomhaitheantas agus  
déantar ár gcur chuige maidir leis an  
dóigh a dtéimid i mbun oibre a  
threorú leo.***



**Na luachanna atá againn**

## Torthaí, cuspóirí, gníomhartha agus táscairí feidhmíochta

Chinn an tÚdarás a chuid oibre a bhunú ar cheithre thoradh inmhianaithe straitéiseacha ardleibhéal.

### Toradh Inmhianaithe 1 - Feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí a bheith á n-úsáid ag an nGarda Síochána ar bhealach éifeachtach éifeachtúil

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Creat um thomhas feidhmíochta agus cuntasacht atá curtha chun feidhme agus éifeachtach a bheith againn don Gharda Síochána</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána don tréimhse 2016-2018 a athbhreithniú agus a cheadú;</li> <li>- Tosaíochtaí póilíneachta a leagan síos gach bliain tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí;</li> <li>- Pleananna bliantúla póilíneachta an Gharda Síochána a cheadú;</li> <li>- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn creat um thomhas feidhmíochta agus cuntasacht á chur chun feidhme ag an nGarda Síochána don fhoireann ar fad san eagraíocht agus ar a leordhóthanaí a bhíonn an creat sin; agus</li> <li>- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn straitéis chuimsitheach um pleanáil agus imlonnú fórsa saothair á forbairt ag an nGarda Síochána agus measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanaí a bhíonn an straitéis sin, ar mhaithe lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána don tréimhse 2016-2018 a bheith curtha faoi bhráid an Údaráis faoin 30 Meitheamh 2016;</li> <li>- Tosaíochtaí póilíneachta a bheith curtha in iúl do Choimisinéir an Gharda Síochána agus a bheith foilsithe gach bliain;</li> <li>- Pleananna póilíneachta a bheith ceadaithe faoin 30 Samhain gach bliain;</li> <li>- Creat um thomhas feidhmíochta agus cuntasacht a bheith curtha chun feidhme don Gharda Síochána agus fianaise air a léiriú agus maoirseacht a dhéanamh air ag cruinnithe míosúla leis an Údarás;</li> <li>- Feabhas a bheith curtha ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá an Garda Síochána sna réimsí póilíneachta a chlúdaítear leis na moltaí;</li> <li>- Straitéis chuimsitheach um pleanáil agus imlonnú fórsa oibre de chuid an Gharda Síochána a bheith i bhfeidhm;</li> <li>- Feabhas a bheith bainte amach i bpríomhréimsí den suirbhé ar dhearcadh an phobail, mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> <li>o Muinín fhoriomlán as an nGarda Síochána;</li> <li>o Dearcadh dearfach a bheith ann i measc íospartaigh na coireachta;</li> <li>o Daoine a bheith den tuairim go bhfuil an Garda Síochána cabhrach, dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha agus forásach;</li> <li>o Éifeachtacht an Gharda Síochána maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht; agus</li> <li>o Daoine a bheith den tuairim go bhfuil an Garda Síochána á bhainistiú go maith.</li> </ul> </li> </ul>

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>An Garda Síochána a nuachóiriú agus feabhas córasach a chur air</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na bearta atá déanta ag an nGarda Síochána i dtaca le moltaí ó thríú páirtithe, lena n-áirítear iad sin a thagann as moltaí ó Chigireacht an Gharda Síochána, iniúchtaí agus moltaí ó Choimisiúin Fiosrúcháin;</li> <li>- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár nuachóirithe agus athnuachana an Gharda Síochána agus measúnú a dhéanamh ar na bearta atá déanta;</li> <li>- Córas a bhunú trínar féidir faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar phatrúin maidir le gearáin in aghaidh an Gharda Síochána; agus</li> <li>- Caidreamh éifeachtach a bhunú le comhlachtaí eile maoirseachta póilíneachta, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána ina measc.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Fianaise a bheith ann ar chur chun feidhme na moltaí ó Chigireacht an Gharda Síochána agus ó thríú páirtithe eile;</li> <li>- Suirbhé leanúnach ar Dhearcadh an Phobail;</li> <li>- Feabhas a bheith tagtha ar an dóigh a leithdháiltear acmhainní an Gharda Síochána, agus í bunaithe, i measc nithe eile, ar straitéis agus ar thosaíochtaí;</li> <li>- Córas trínar féidir faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar phatrúin maidir le gearáin a dhéantar in aghaidh an Gharda Síochána a bheith curtha ar bun agus athbhreithniú amháin ar a laghad a bheith déanta; agus</li> <li>- Fianaise a bheith ann ar dhea-chaidreamh oibre le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus le Cigireacht an Gharda Síochána.</li> </ul>
<p><b>Socrúithe agus struchtúir dea-rialachais laistigh den Gharda Síochána</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An Cathaoirleach agus na comhaltaí de Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána a cheapadh; agus</li> <li>- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Choiste Iniúcháireachta agus ar bhainistíocht riosca sa Gharda Síochána.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Comhaltaí de Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána a bheith ceaptha mar ba ghá; agus</li> <li>- Athbhreithniú a bheith déanta ar fheidhmiú an Choiste Iniúcháireachta agus ar bhainistíocht riosca.</li> </ul>

**Toradh Inmhianaithe 2 - Cultúr ardfeidhmíochta agus luachanna eiticiúla láidre a bheith ann ar fud an Gharda Síochána**

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Cód Eitice a bhunú ar a n-áirítear (a) caighdeáin iompair agus chleachtais do bhaill; agus (b) forálacha chun baill agus baill foirne den Gharda Síochána a spreagadh agus a éascú éagóir sa Gharda Síochána a thuairisciú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cód Eitice a fhorbairt trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> <li>o Dul i gcomhairle leis an bpobal agus le príomh-gheallsealbhóirí;</li> <li>o Taighde a dhéanamh ar an dea-chleachtas i ndlínsí eile; agus</li> </ul> </li> <li>- Maoirseacht a dhéanamh ar na bearta atá déanta ag Coimisinéir an Gharda Síochána chun an Cód Eitice a leabú agus chun tacú le héagóir san eagraíocht a thuairisciú, agus na bearta sin a dhearbhu ó thaobh cáilíochta de.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cód Eitice an Gharda Síochána a bheith bunaithe agus foilsithe faoin 31 Nollaig 2016;</li> <li>- Cód Eitice an Gharda Síochána a bheith curtha chun feidhme, rud a léirítear fianaise ar a leabú ag Coimisinéir an Gharda Síochána, agus a ndéantar maoirseacht air, ag cruinnithe de chuid an Údaráis; agus</li> <li>- Beartas éifeachtach um Nochtadh Cosanta a bheith i bhfeidhm sa Gharda Síochána.</li> </ul>
<p><b>Córas ceapachán atá dea-bhunaithe agus lánfeidhmiúil a bheith i bhfeidhm do gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána a thagann faoi shainchúram ceapacháin an Údaráis</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Córas ceapacháin atá éifeachtach agus a bhfuil meas air a fhorbairt i gcomhar leis an nGarda Síochána; agus</li> <li>- Córas a bhunú trínar féidir dul i mbun taighde neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar phatrúin maidir le hearcaíocht, lena n-áirítear patrúin maidir le hionadaíocht i measc ball agus baill foirne.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ceapacháin a bheith á ndéanamh ar bhealach tráthúil;</li> <li>- An córas a bheith comhlíontach maidir leis an gcreat rialála is infheidhme; agus</li> <li>- Daoine laistigh den Gharda Síochána agus an pobal araon a bheith den tuairim gur cothrom agus neamhchlaon atá an córas.</li> </ul>
<p><b>Na socrúithe le haghaidh baill agus baill foirne den Gharda Síochána a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt a choinneáil faoi athbhreithniú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar chóras bainistíochta feidhmíochta a chur chun feidhme dar thosach an tríú ráithe den bhliain 2016; agus</li> <li>- Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar ghnéithe d'oiliúint agus d'earcaíocht an Gharda Síochána.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Córas bainistíochta feidhmíochta a bheith curtha chun feidhme ag an nGarda Síochána; agus</li> <li>- Roinnt athbhreithnithe a bheith curtha i gcrích agus foilsithe.</li> </ul>

**Toradh Inmhianaithe 3 - Feasacht agus rannpháirtíocht láidir a bheith ann i measc an phobail maidir le hábhair phóilíneachta**

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Caidreamh oibre éifeachtach a bheith againn le príomh-gheallsealbhóirí</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme; agus</li> <li>- Líonraí a fhorbairt go gníomhach agus éisteacht go hoscailte le príomh-gheallsealbhóirí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Straitéis cumarsáide a bheith i bhfeidhm agus curtha chun feidhme; agus</li> <li>- Fianaise ar aiseolas dearfach ó phríomh-gheallsealbhóirí.</li> </ul>
<p><b>Pobail a bheith ag obair go gníomhach leis an nGarda Síochána, trí na Comhchoistí Póilíneachta, ar bhealach a chabhróidh le coireacht a chosc agus a chuirfidh feabhas ar an tsábháilteacht agus ar cháilíocht na beatha do shaoránaigh</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cur leis na hathbheithnithe agus leis na scrúduithe a dhéantar ar ról na gComhchoistí Póilíneachta agus ar an dóigh a dtugtar cumhacht dóibh agus a gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh, faoi mar a fhoráiltear dóibh sa chlár um Rialtas Comhpháirtíochta;</li> <li>- Treoirínte maidir le comhchoistí póilíneachta a eisiúint de réir mar is gá;</li> <li>- Cruinnithe a thionól le cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta agus le baill eile, de réir mar is gá, chun tacú leo a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus chun ionchur ón bpobal a chur ar fáil d’obair an Údaráis.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Rochtain a bheith ag gach pobal ar Chomhchoiste Póilíneachta a oibríonn de réir treoirínte ón Údarás Póilíneachta;</li> <li>- Rannpháirtíocht ghníomhach sa phobal á glacadh ag an nGarda Síochána trí na Comhchoistí Póilíneachta, rud a léirítear fianaise air agus a ndéantar maoirseacht air ag cruinnithe de chuid an Údaráis; agus</li> <li>- Deis fheabhsaithe do Chomhchoistí Póilíneachta cur leis an maoirseacht náisiúnta póilíneachta.</li> </ul>
<p><b>Feasacht an phobail a mhéadú ar chúrsaí póilíneachta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cruinnithe agus ócáidí poiblí a eagrú de réir mar is iomchuí;</li> <li>- Obair leis an nGarda Síochána maidir leis an dóigh a ndéanann sé cumarsáid leis an bpobal;</li> <li>- An chuid is fearr a bhaint as suíomh Gréasáin an Údaráis agus as a láithreacht ar na meáin shóisialta chun faisnéis</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Feabhas a chur ar an eolas atá ag an bpobal ar phríomhthionscnaimh faisnéise, eolas a ndéanfar measúnú air ar na bealaí seo a leanas, i measc bealaí eile: <ul style="list-style-type: none"> <li>o suirbhé ar an bpobal;</li> <li>o méadú ar an líon cuairteanna ar shuíomh Gréasáin an Údaráis maidir le príomhfheachtais faisnéise;</li> </ul> </li> </ul>

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
	<p>a chur ar fáil faoi obair an Údaráis agus chun feasacht an phobail a mhéadú ar an bpóilíneacht in Éirinn;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Dul i mbun tionscadail taighde ar sheirbhísí póilíneachta (lena n-áirítear trí chomhairliúcháin poiblí), iad a choimisiúnú nó cúnamh a thabhairt dóibh; agus</li> <li>- Feabhas a chur chun cinn ar chaighdeán, rochtain a éascú ar fhaisnéis chruinn agus tuiscint an phobail a mhéadú ar chúrsaí póilíneachta trí chruinnithe de chuid an Údaráis, trí ráitis poiblí agus trí thuarascálacha poiblí agus trí idirghníomhaíocht leis an bpobal.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>o an tionchar a bhíonn ag cruinnithe poiblí, agus é bunaithe ar an líon daoine a bhfreastalaíonn orthu, ar rochtain ar shruthanna beo, agus ar thagairtí don Údarás ar na meáin shóisialta;</li> <li>o an líon freagraí a fhaightear ar aon chomhairliúcháin poiblí; agus</li> <li>o roinnt deiseanna a thapaítear gach bliain chun spriocphobail nua a shroicheadh.</li> </ul>



**Toradh Inmhianaithe 4 - An tÚdarás a bheith ina eagraíocht ardfheidhmíochta atá nuálach agus freagrúil, a bhfuil meas uirthi agus atá dírithe ar an bhfís agus ar an misean atá aige**

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>A bheith ina eagraíocht éifeachtach a bhfuil cultúr ardfheidhmíochta inti</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- An struchtúr eagrúcháin a fhorbairt chun go mbeidh sé ag teacht le straitéisí an Údaráis agus go dtacóidh sé leis na straitéisí sin;</li> <li>- Daoine atá éirimiúil agus spreagtha a mhealladh agus a earcú;</li> <li>- Baill foirne a fhorbairt trí chóras cuimsitheach bainistíochta feidhmíochta agus foghlama agus forbartha;</li> <li>- Córais a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>o Rialachas Corparáideach;</li> <li>o Bainistíocht riosca;</li> <li>o Soláthar;</li> <li>o Bainistíocht airgeadais;</li> <li>o Seirbhísí do Chustaiméirí; agus</li> <li>o Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí;</li> </ul> </li> <li>- A chinntiú go ndéanann na hiniúcháirí inmheánacha athbhreithnithe ar bhonn rollach ar ghnéithe d'éifeachtacht na heagraíochta; agus</li> <li>- Gnáth-athbhreithniú neamhspleách a bhunú ar éifeachtacht an bhoird.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Údarás atá ag teacht in aibíocht, a bhfuil dea-líon foirne aige agus atá ag feidhmiú go héifeachtach a bheith ann faoi dheireadh an Phlean seo;</li> <li>- Straitéisí agus pleananna bliantúla oibre an Údaráis a bheith curtha chun feidhme go rathúil;</li> <li>- Fianaise a bheith ann go leagtar spriocanna éifeachtacha síos don fhoireann agus go ndéantar breithmheas éifeachtach feidhmíochta ar gach fostaí;</li> <li>- Rátaí freastail ar agallamh agus líon na gcruinnithe a reáchtáiltear;</li> <li>- Fianaise a bheith ann ar chlár rioscaí a bhainistítear go réamhghníomhach agus lena ndéantar rioscaí a shainiú agus a mhaolú go héifeachtach;</li> <li>- Fianaise a bheith ann ar rannpháirtíocht le grúpaí geallsealbhóirí atá ar an imeall / a bhfuil sé deacair dul i bhfeidhm orthu;</li> <li>- Tuarascálacha dearfacha iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh a bheith ann; agus</li> <li>- Na torthaí ar athbhreithnithe foirmiúla ar éifeachtacht an bhoird.</li> </ul>
<p><b>Tuarascálacha agus comhairle atá cuí agus tráthúil a chur ar fáil don Aire maidir le cúrsaí póilínachta.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ráiteas Straitéise agus Tuarascálacha Bliantúla an Údaráis a chur chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhealach tráthúil;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuarascálacha a bheith curtha isteach go tráthúil de réir na reachtaíochta;</li> </ul>

Cuspóirí	Gníomhartha	Táscairí Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuarascáil a chur isteach de réir Alt 62 (O) (2);</li> <li>- Freagairt go tapa agus go héifeachtach d'iarrataí ar chomhairle nó do thuarascálacha a fhaightear ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus</li> <li>- Cur leis an gClár um Rialtas Comhpháirtíochta a chur chun feidhme, de réir mar is gá.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tuarascáil Alt 62 O (2) a bheith curtha isteach faoin 31 Nollaig 2017; agus</li> <li>- Ionchur agus comhairle atá ar ardchaighdeán agus ar a bhfuil meas a bheith curtha ar fáil ar bhealach tráthúil agus</li> <li>- Tuairisc a bheith tugtha faoi mhaoirseacht an Údaráis don Aire sa cheathrú ráithe den bhliain 2017 ar athbhreithniú ar theorainneacha na ndúichí Gardaí, ar scaipeadh na stáisiún Gardaí agus ar na socrúithe imlonnaithe agus uainchláraithe d'fhonn aonaid phóilíneacht phobail a fheabhsú.</li> </ul>



## Teagmháil a Dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:

Sa phost: An tÚdarás Póilíneachta  
An 4ú hUrlár  
90 Sráid an Rí Thuaidh  
Baile Átha Cliath 7  
D07 N7CV

Ar an bhfón: +353 1 858 9090

Trí r-phost: [info@policingauthority.ie](mailto:info@policingauthority.ie)

Ar an nGréasán: [www.policingauthority.ie](http://www.policingauthority.ie)

